2024/1942

20.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1942 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Iúil 2024

lena leagtar síos nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe maidir le húdaráis inniúla faisnéis leictreonach faoi iompar lastais a rochtain agus a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 maidir le faisnéis leictreonach faoi iompar lastais ([1]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán (AE) 2020/1056, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú go mbíonn rochtain ag a n-údaráis inniúla uile ar fhaisnéis leictreonach faoi iompar lastais ('eFTI') i gcomhréir le nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha mionsonraithe, lena n-áirítear sonraíochtaí teicniúla comhchoiteanna agus nósanna imeachta chun faisnéis rialála a phróiseáil agus maidir le cumarsáid a dhéanamh leis na hoibreoirí eacnamaíocha i ndáil leis an bhfaisnéis sin.

(2) Chun na nósanna imeachta comhchoiteanna agus rialacha sin a leagan síos, de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/1056, ba cheart don Choimisiún na príomh-chomhpháirteanna um theicneolaíocht faisnéise cumarsáide ('TFC') den timpeallacht malartaithe eFTI atá le soláthar ag na Ballstáit a liostú agus mionsonraí a thabhairt maidir lena sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla.

(3) Chun solúbthacht a áirithiú i gcur chun feidhme na nósanna imeachta comhchoiteanna agus na rialacha mionsonraithe sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann cinneadh a dhéanamh maidir le conas soláthar na gcomhpháirteanna TFC a eagrú, ar choinníoll go gcomhlíonann na comhpháirteanna sin na sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla faoi seach a leagtar síos sa Rialachán seo. Go sonrach, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh iad sin a bhunú mar chomhpháirteanna ar leithligh, nó comhtháite i gcomhpháirt aonair nó i roinnt comhpháirteanna ar leith chun na feidhmiúlachtaí faoi seach a fheidhmiú. Féadfaidh siad freisin comhpháirteanna éagsúla a bhunú chun an tacar céanna feidhmiúlachtaí a fheidhmiú.

(4) Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann athúsáid a bhaint as comhpháirteanna TFC atá ann cheana a d'fhorbair siad cheana le haghaidh seirbhísí digiteacha poiblí eile, a mhéid a sholáthraíonn na comhpháirteanna sin cheana féin na feidhmiúlachtaí is gá a sholáthar i gcomhréir leis na sonraíochtaí, lena n-áirítear na ceanglais theicniúla, i gcás inarb infheidhme, a leagtar amach sa Rialachán seo, nó a mhéid a choigeartaítear iad chuige sin. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna TFC dá ndéantar foráil sa Rialachán seo a bhunú, a fhorbairt agus a chothabháil i gcomhpháirt leis na Ballstáit eile freisin.

(5) Ba cheart gach Ballstát a bheith freagrach as cothabháil agus slándáil na gcomhpháirteanna TFC a bhunaíonn siad nó as a bhfuil siad freagrach a áirithiú, lena n-áirítear slándáil agus rúndacht na faisnéise a phróiseáiltear laistigh de na comhpháirteanna sin a áirithiú. Má chinneann roinnt Ballstát roinnt de na comhpháirteanna sin a bhunú agus a bhainistiú i gcomhpháirt, ba cheart dóibh a áirithiú go leagtar síos a bhfreagrachtaí faoi seach i gcomhaontuithe nó i meabhráin tuisceana iomchuí.

(6) De bhun Rialachán (AE) 2020/1056 tá gach cumarsáid laistigh den timpeallacht malartaithe eFTI le déanamh trí naisc shlána idir páirtithe a shainaithnítear agus a údaraítear mar is cuí. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú sna sonraíochtaí feidhmiúla agus teicniúla comhchoiteanna a leagtar síos sa Rialachán seo go gcomhlíontar na ceanglais sin maidir leis an gcumarsáid uile a tharlaíonn idir na rannpháirtithe sa timpeallacht malartaithe eFTI trí bhíthin comhpháirteanna TFC, lena n-áirítear leis na hardáin eFTI.

([1]) IO L 249, 31.7.2020, lch. 33.

(7) Tá coinne leis go mbeidh líon ard rannpháirtithe sa timpeallacht malartaithe eFTI, ar leibhéal na n-údarás inniúil, agus ar leibhéal na n-oibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann, a bheidh saor chun ardáin eFTI dá rogha a úsáid. Dá bhrí sin, ba ghá líon leordhóthanach nasc slán, fíordheimhnithe agus údaraithe a bhunú agus a chothabháil idir comhpháirteanna TFC na timpeallachta malartaithe eFTI. Chun na costais a bhaineann le líon chomh hard sin nasc a laghdú, ba cheart roinnt de na comhpháirteanna TFC a bhaineann leis an timpeallacht malartaithe eFTI atá le bunú ag na Ballstáit an malartú sin a bhainistiú trí fheidhm gheata a dhéanamh, agus ardleibhéal slándála agus comhlíontachta leis na húdaruithe is infheidhme á chothabháil.

(8) Ba cheart geataí den sórt sin, nó 'Geataí eFTI', malartú na faisnéise rialála um iompar lastais idir na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann agus na húdaráis inniúla a bhainistiú. Leis na 'Geataí eFTI' ba cheart naisc shlána agus fíordheimhnithe a áirithiú leis na comhpháirteanna TFC a bhainistíonn rochtain na n-oifigeach aonair ar leibhéal na n-údarás inniúil i mBallstát sonrach, ar thaobh amháin, agus na hardáin eFTI a choinníonn na sonraí a mbeadh rochtain orthu de dhíth ar na hoifigigh sin, ar an taobh eile. Níor cheart sonraí eFTI a stóráil ná a phróiseáil leo, seachas meiteashonraí atá nasctha le próiseáil sonraí eFTI amhail sainaitheantóirí nó logaí oibriúcháin, agus chun críoch dlisteanach amháin, amhail ródú, bailíochtú nó oiriúnú formáide agus chun críoch faireacháin nó staidrimh.

(9) Thairis sin, chun na costais a laghdú a bhaineann le naisc a chruthú idir ardáin eFTI agus Geata eFTI, go háirithe do na hoibreoirí eacnamaíocha – ach do na húdaráis inniúla freisin, dá ndéantar foráil in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/1056 – ba cheart a cheangal ar ardáin eFTI nasc slán agus fíordheimhnithe a bhunú agus a chothabháil le Geata eFTI amháin agus leis sin amháin. Ba cheart don Gheata eFTI an nasc leis na húdaráis inniúla uile sna Ballstáit uile a bhainistiú, trí bhíthin líonra nasc slán agus fíordheimhnithe idir na Geataí eFTI éagsúla.

(10) I bhfianaise an cheanglais in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2020/1056 go gcoimeádfaidh na Ballstáit liosta cothrom le dáta de na hardáin eFTI ag a mbeidh deimhniú bailí arna eisiúint ag comhlacht um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe ina mBallstát, ba cheart an nasc aonair sin d'ardán eFTI le líonra na nGeataí eFTI a bhunú le Geata eFTI an Bhallstáit inar eisíodh deimhniú an ardáin sin. D'éascódh sé sin an próiseas chun bailíocht an deimhnithe ar ardán eFTI a fhíorú, mar chuid den phróiseas chun slándáil agus barántúlacht na cumarsáide le hardán eFTI a áirithiú agus d'ísleodh sé an praghas a bhaineann leis an bpróiseas fíorúcháin. Ach, chun freastal ar chásanna nach bhfuil aon chomhlacht um measúnú comhréireachta creidiúnaithe chun ardáin eFTI a dheimhniú i mBallstát, ba cheart ardáin eFTI a bheith in ann a nasc aonair a bhunú le Geata eFTI an Bhallstáit sin, fiú nuair ba i mBallstáit eile a fuair siad an deimhniúchán.

(11) Chun ardleibhéal muiníne a áirithiú sa timpeallacht malartaithe eFTI, ba cheart na Ballstáit fanacht freagrach as a áirithiú go sainaithnítear, go bhfíordheimhnítear agus go n-údaraítear go cuí gach rochtain ag a n-údaráis inniúla ar an timpeallacht malartaithe eFTI. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach gceadaítear d'údaráis inniúla sonraí a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil ar ardáin eFTI a rochtain agus a phróiseáil ach amháin tar éis shainaithint agus fhíordheimhniú iomchuí shainaitheantas na n-oifigeach freagrach, chomh maith le húdarú iomchuí ar chearta rochtana agus próiseála sannta na n-oifigeach, bunaithe ar na freagrachtaí atá orthu i ndáil le forálacha an Aontais agus forálacha náisiúnta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2020/1056. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanann na húdaráis inniúla uile clárlanna a bhunú agus a choinneáil ar bun ina gcoinnítear taifid atá cothrom le dáta de chearta rochtana agus próiseála gach oifigigh fhreagraigh, agus go n-áirítear i ngach iarraidh ar shonraí eFTI a rochtain agus a phróiseáil tagairtí do chearta rochtana agus próiseála an oifigigh atá freagrach as an iarraidh. Ba cheart na cearta rochtana agus próiseála sin a chur in iúl mar thagairtí códaithe chun aistriú sonraí pearsanta na n-oifigeach a íoslaghdú, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú freisin go nglacann a n-údaráis inniúla aon bheart is gá, amhail tástáil, oiliúint agus iniúchtaí, chun a áirithiú go ndéanann a n-oifigigh na sonraí a rochtain agus a phróiseáil i gcomhréir le rialacha is infheidhme an Aontais agus rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le príobháideachas sonraí agus rúndacht tráchtála.

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

(12) Le Rialachán (AE) 2020/1056 ceanglaítear ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann an 'nasc leictreonach uathúil sainaitheanta' chuig na sonraí eFTI meaisín-inléite a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis rialála a chur in iúl do na húdaráis inniúla. Ó thaobh nós imeachta de, ba cheart an chumarsáid sin a dhéanamh ar dhá bhealach, agus ba cheart do na comhpháirteanna TFC atá le bunú ag na Ballstáit tacú leis an dá nós imeachta. Ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann ceachtar den dá nós imeachta a roghnú i gcás ina bhfuil rochtain á hiarraidh acu ar shonraí eFTI chun seiceálacha faisnéise rialála a dhéanamh.

(13) Ar an gcéad dul síos, i gcomhréir leis na nósanna imeachta um sheiceáil comhlíontachta páipéarbhunaithe atá i bhfeidhm faoi láthair, ba cheart na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann a bheith in ann an nasc leictreonach uathúil sainaitheanta a chur in iúl go díreach don údarás inniúil le linn seiceálacha a dhéantar ar an láthair, le linn na hoibríochta iompair nó le linn na seiceálacha a dhéantar ag áitreabh an oibreora eacnamaíoch, i gcás ina ndéantar foráil i bhforálacha an Aontais nó i bhforálacha náisiúnta is infheidhme maidir leis an bhféidearthacht seiceálacha a dhéanamh tar éis oibríochtaí iompair a chur i gcrích. Chun próiseáil ag na húdaráis inniúla a éascú, ba cheart an nasc leictreonach uathúil sainaitheanta a chur in iúl i bhformáid meaisín-inléite amhail barrachód nó cód QR, a thaispeántar ar scáileán gairis leictreonaigh láimhe amhail guthán póca nó táibléad, nó priontáilte ar pháipéar. Ba cheart údaráis na mBallstát a bheith in ann glacadh leis, le linn seiceálacha fisiciúla ar oibríochtaí iompair leanúnacha, go bhféadfadh an t-oibreoir eacnamaíoch ar bhonn eisceachtúil an nasc leictreonach uathúil sainaitheanta a chur in iúl trí ríomhphost nó feidhmchlár teachtaireachta leictreonach eile, i gcás nárbh fhéidir leis an oibreoir an nasc a thaispeáint go díreach ar scáileán nó ar pháipéar. Maidir le seiceálacha a dhéantar ag áitreabh na n-oibreoirí eacnamaíocha, i gcás ina bhfuil an líon oibríochtaí iompair atá le hiniúchadh i bhfad níos airde, ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann a roghnú na naisc leictreonacha uathúla sainaitheanta a fháil trí ríomhphost nó feidhmchlár teachtaireachta leictreonach eile, chun próiseáil na nasc sin a éascú agus a bharrfheabhsú. Ba cheart an rogha de na modhanna cumarsáide breise sin a bheith ag na húdaráis inniúla lena mbaineann i gcónaí.

(14) Ar an dara dul síos, agus le bheith níos comhoiriúnaí le todhchaí ina mbeidh próisis níos uathoibrithe, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha an nasc leictreonach uathúil sainaitheanta a chur in iúl trína fhoilsiú i stór nó clárlann leictreonach, in éineacht le sainaitheantóirí áirithe, amhail sainaitheantas uathúil an mhodha iompair, díorthaithe ón tacar sonraí eFTI atá bainteach leis an nasc leictreonach uathúil sainaitheanta sin. D'fhéadfadh údaráis inniúla an nasc sin a fháil ansin ón gclárlann trí iarratas a dhéanamh bunaithe ar na sainaitheantóirí sin. Chuirfeadh sé sin ar a gcumas d'údaráis inniúla an fhaisnéis maidir leis na hearraí atá á n-iompar ar thrucail, traein nó báirse a sheiceáil gan an modh iompair a stopadh go fisiciúil ná a bhordáil agus, i gcás inarb ábhartha, bearta leantacha a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Cheadódh sé freisin do na húdaráis inniúla an fhaisnéis a fháil ar bhealach níos éasca nó níos iontaofa maidir le hoibríochtaí iompair iomadúla a fheidhmíonn modh iompair ar leith, i dtréimhse ama ar leith, amhail mar a bhí i gcás seiceálacha cabatáiste bóthair, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(15) Chun idir-inoibritheacht agus slándáil an mhalartaithe faisnéise idir na Geataí eFTI arna mbunú ag na Ballstáit éagsúla, agus idir na Geataí eFTI agus na hardáin eFTI a áirithiú, ba cheart tacar caighdeán comhchuibhithe agus sonraíochtaí maidir le malartú teachtaireachtaí a úsáid laistigh den timpeallacht eFTI, lena n-áirítear cumraíocht na gcomhaontuithe um malartú teachtaireachtaí, próisis ghnó, formáidí sonraí, sainaitheantóirí agus deimhnithe slándála. Ba cheart do na Ballstáit comhaontú ar nósanna imeachta slána chun deimhnithe slándála a mhalartú freisin, amhail trí bhíthin córas saincheaptha nó prótacal slán aistrithe comhad.

(16) Chun laghdú a dhéanamh ar na costais agus an t-am a ghlactar chun Geataí eFTI agus na comhpháirteanna TFC eile a bhunú, ba cheart do na Ballstáit, a mhéid is féidir, brath ar chaighdeáin oscailte a choinníonn eagraíochtaí Eorpacha nó idirnáisiúnta ar bun, agus ar réitigh in-athúsáidte. I gcomhair formáidí malartaithe teachtaireachtaí, is iad na caighdeáin oscailte a nglactar leo go hidirnáisiúnta is mó a úsáidtear XML agus JSON. Cé gur formáid níos déanaí agus, ar bhealaí áirithe, níos simplí le cur chun feidhme is ea JSON, is é XML an fhormáid is coitianta a úsáidtear i gcórais TFC údarás inniúil i bhformhór na mBallstát. Dá bhrí sin, chun a cheadú do na Ballstáit réitigh atá ann cheana a athúsáid agus, dá réir sin, a gcostais tosaigh chur chun feidhme a laghdú, ba cheart an chumarsáid uile idir Geataí eFTI agus idir Geataí eFTI agus ardáin eFTI a dhéanamh le formáid malartaithe teachtaireachtaí aonair, is é sin XML. Ar an gcaoi chéanna, tugtar réiteach teicniúil costéifeachtúil a bhfuil taithí ag na Ballstáit ar a chur chun feidhme cheana sna caighdeáin maidir le malartuithe slána teachtaireachtaí arna gcoinneáil ar bun ag an gCoimisiún mar chuid den bhloc tógála digiteach eDelivery ([4]), go háirithe próifíl AS4 eDelivery.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar (IO L 300, 14.11.2009, lch. 72).

([4]) https://ec.europa.eu/digital-building-blocks/wikis/display/DIGITAL/eDelivery.

(17) An tráth céanna, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann caighdeáin agus réitigh um malartú teachtaireachtaí atá in úsáid cheana féin le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha eile a athúsáid don chumarsáid idir an Geata eFTI agus na hardáin eFTI arna mbunú ina mBallstát, mar aon le eDelivery. Ba cheart na ceanglais agus na caighdeáin mhionsonraithe atá mar bhunús leis na réitigh sin a chur ar fáil go poiblí chun gur féidir le forbróirí leasmhara ardán eFTI iad a chur chun feidhme, agus chun gur féidir leis na comhlachtaí um measúnú comhréireachta a gcomhlíontacht leis na sonraíochtaí a mheasúnú.

(18) Ar an gcaoi chéanna, chun gur féidir le hoifigigh údarás inniúil úsáid a bhaint as na comhpháirteanna TFC arb é atá iontu an pointe rochtana, nó na 'pointí rochtana údaráis', ar an timpeallacht eFTI, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann úsáid a bhaint as réitigh leictreonacha atá ann cheana chun sainaithint agus fíordheimhniú shainaitheantas na n-oifigeach a áirithiú i gcás ina bhfuil rochtain á fáil acu ar sheirbhísí digiteacha poiblí náisiúnta eile a thugann rochtain ar shonraí pearsanta nó tráchtála tríú páirtithe. Ba cheart na réitigh sin, i gcás inar féidir, a bheith ag brath ar an modh ríomh-shainaitheantais a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(19) Mar an gcéanna, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann athúsáid a bhaint as aon chomhpháirt eile de chórais TFC a n-údarás inniúil atá ann cheana a dhéanann feidhmeanna cosúil leo sin a shonraítear sa Rialachán seo, amhail clárlanna údarúcháin, ar choinníoll go n-oiriúnaítear iad i gcomhréir leis na ceanglais shonracha a leagtar síos sa Rialachán seo.

(20) Ionas go mbeidh sé chomh héasca agus is féidir d'oifigigh údaráis inniúil an timpeallacht malartaithe eFTI a úsáid agus chun a n-anailís ar na sonraí eFTI a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil ar ardán eFTI a éascú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann an feidhmchlár úsáideora agus a chomhéadan grafach úsáideora a chur in oiriúint do riachtanais a n-oifigeach. Más mian leo, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann feidhmiúlachtaí breise a thabhairt isteach freisin a dtacóidh na feidhmchláir úsáideora leo, amhail úsáid algartam cliste ar féidir leo na sonraí eFTI a réamhphróiseáil, chomh maith le faisnéis ó fhoinsí leictreonacha eile a thabhairt le chéile.

(21) Éilítear ó fheidhmiú leanúnach agus rianúil na timpeallachta eFTI go réiteofar go tapa aon saincheist oibríochtúil a bhaineann le comhpháirteanna TFC arna mbunú ag na Ballstáit. Le cuidiú chun an méid sin a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún líonra tacaíochta teicniúil a bhunú, comhdhéanta de dheasca cabhrach tiomnaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, faoi seach. Ba cheart don líonra sin nósanna imeachta soiléire cumarsáide a bhunú agus íostréimhsí infhaighteachta sioncronaithe a áirithiú chun gur féidir freagairt thapa a thabhairt ar aon teagmhais agus aga neamhfhónaimh féideartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú na timpeallachta malartaithe eFTI. Ba cheart na cumhachtaí agus na hacmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha a bheith ag na pointí teagmhála tacaíochta teicniúla sin lena gcumasú a gcúraimí a chur i gcrích. Bunaithe ar thuarascálacha ar ghníomhaíochtaí, d'fhéadfadh deasca cabhrach faisnéis chomhiomlánaithe a fhoilsiú ar dheaiseanna tiomnaithe deisce cabhrach. Ba cheart athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar íostréimhsí infhaighteachta coitinne na ndeasc cabhrach, chun gur féidir a ngníomhaíocht a choigeartú agus acmhainní a leithdháileadh go héifeachtúil.

(22) Oibreoidh na comhpháirteanna TFC atá le bunú ag na Ballstáit mar chomhpháirteanna lárnacha den timpeallacht malartaithe eFTI níos leithne. Ciallaíonn sé sin gur cheart bunú agus coinneáil ar bun na gcomhpháirteanna sin brath ar iarrachtaí comhordaithe, bunaithe ar léirmhíniú comhchuibhithe ar na sonraíochtaí a leagtar síos sa Rialachán seo. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit líonra de thacaíocht oibríochtúil a chruthú i gcomhar leis an gCoimisiún freisin, i bhfoirm grúpa tiomnaithe saineolaithe. Chun leas a bhaint as an saineolas agus an taithí arna bhforbairt laistigh den Fhóram Digiteach Iompair agus Lóistíochta (DTLF), an sainghrúpa a bhunaigh an Coimisiún ([6]) chun cúnamh a thabhairt maidir le forbairt agus cur chun feidhme ghníomhaíochtaí agus chláir an Aontais atá dírithe ar dhigiteáil na hearnála iompair agus lóistíochta, ba cheart an grúpa saineolaithe sin a bhunú mar fhoghrúpa de DTLF.

(23) Chun iarrachtaí cur chun feidhme na mBallstát a éascú agus cur chun feidhme aonfhoirmeach na sonraíochtaí sin a áirithiú, beartaítear an Rialachán seo a chomhlánú le doiciméid tacaíochta teicniúla neamhcheangailteacha níos mionsonraithe arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit laistigh den ghrúpa tiomnaithe saineolaithe sin.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

([6]) Cinneadh C(2018) 5921 ón gCoimisiún an 13 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear an grúpa saineolaithe maidir le réitigh digiteacha le haghaidh iompar lastais agus lóistíocht: an Fóram Digiteach Iompair agus Lóistíochta (DTLF).

(24) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le hIompar Digiteach agus Éascú Trádála,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'timpeallacht malartaithe eFTI' an bailiúchán de chomhpháirteanna TFC a úsáidtear chun sonraí a mhalartú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/1056 agus na gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe arna nglacadh de bhun an Rialacháin sin;

(2) ciallaíonn 'comhpháirt TFC' aonad ábhartha (crua-earraí) nó neamhábhartha (bogearraí) nó tacar aonad den sórt sin a úsáidtear chun feidhmiúlachtaí sonracha a dhéanamh chun cumarsáid sonraí leictreonacha a chumasú;

(3) ciallaíonn 'oifigeach údaráis inniúil' duine fisiciúil atá i dteideal rochtain a fháil ar cheanglais faisnéise rialála dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2020/1056 agus iad a phróiseáil, thar ceann údarás inniúil i mBallstát;

(4) ciallaíonn 'sonraí eFTI' sonraí a chomhfhreagraíonn d'fhaisnéis rialála, i gcás ina gcuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil í ar ardán eFTI i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/1056;

(5) ciallaíonn 'iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI' iarraidh thar ceann údarás inniúil chun sonraí eFTI a fháil a chuireann oibreoirí eacnamaíocha ar fáil ar ardán eFTI;

(6) ciallaíonn 'cumarsáid leantach' cumarsáid idir údaráis inniúla agus na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann maidir leis an bhfaisnéis a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha ar fáil ar ardán eFTI, tar éis seiceáil comhlíontachta ag oifigeach údaráis inniúil ar an bhfaisnéis sin mar a soláthraíodh mar fhreagairt ar iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI. D'fhéadfadh iarraidh ar shonraí eFTI atá in easnamh, nó faisnéis a bhaineann le gníomhaíocht leantach a ghlac an t-údarás inniúil i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta is infheidhme a bheith i gceist leis an gcumarsáid leantach sin;

(7) ciallaíonn 'cearta rochtana' na ceadanna a dheonaítear d'oifigeach údaráis inniúil chun oibríochtaí a dhéanamh i ndáil le tacar sonraí eFTI amháin nó níos mó;

(8) ciallaíonn 'cearta próiseála' na hoibríochtaí nó na tacair oibríochtaí a bhfuil cead ag oifigeach údaráis inniúil a fheidhmiú ar fhothacar sonrach sonraí eFTI a fuarthas mar fhreagairt ar iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI;

(9) ciallaíonn 'modh ríomh-shainaitheantais' aonad ábhartha nó neamhábhartha ina bhfuil sonraí sainaitheantais duine, a mbaintear úsáid as le haghaidh fíordheimhnithe i gcomhair seirbhís ar líne;

(10) ciallaíonn 'tagairtí sainaitheantais' uimhir sainaitheantais phearsanta nó tagairt chódaithe a fhágann gur féidir oifigeach údaráis inniúil a shainaithint go huathúil;

(11) ciallaíonn 'Pointe Rochtana Údaráis (AAP)' comhpháirt TFC nó tacar comhpháirteanna TFC a fheidhmíonn na feidhmiúlachtaí a leagtar amach in Airteagal 4;

(12) ciallaíonn 'Geata eFTI'('eFTI Gate') comhpháirt TFC nó tacar comhpháirteanna TFC a fheidhmíonn na feidhmiúlachtaí a leagtar amach in Airteagal 6;

(13) ciallaíonn 'Geata déanta iarrata' Geata eFTI a phróiseálann iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI arna taisceadh trí AAP nasctha leis an nGeata eFTI sin nó comhtháite ann;

(14) ciallaíonn 'Geata faighte iarrata' Geata eFTI a phróiseálann iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI a fhaightear ó Gheata déanta iarrata;

(15) ciallaíonn ‘eDelivery’ tacar sonraíochtaí teicniúla agus caighdeán maidir le malartú teachtaireachtaí leictreonacha arna forbairt ag an gCoimisiún faoi chlár na Saoráide um Chónascadh na hEorpa ([7]) agus arna leanúint ar aghaidh faoin gclár don Eoraip Dhigiteach ([8]);

(16) ciallaíonn ‘Pointe Rochtana eDelivery’ comhpháirt chumarsáide atá mar chuid den ríomhsheirbhís seachadta eDelivery bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla agus ar chaighdeáin;

(17) ciallaíonn ‘aimsiú statach’ modh le haghaidh Pointe Rochtana eDelivery chun sonraí naisc Pointe Rochtana eDelivery eile a fháil gan córais tríú páirtí a úsáid;

(18) ciallaíonn ‘aimsiú dinimiciúil’ modh le haghaidh Pointe Rochtana eDelivery chun sonraí naisc Pointe Rochtana eDelivery eile a fháil trí na sonraí sin a chuardach i gcóras tríú páirtí;

(19) ciallaíonn ‘eochracha slándála’ péirí eochracha cripteagrafacha poiblí agus príobháideacha, arna nginiúint ag algartaim chripteagrafacha i bhfoirm uimhreacha an-mhór a bhfuil gaolmhaireacht uathúil acu le chéile;

(20) ciallaíonn ‘deimhniú slándála’ doiciméad digiteach arna eisiúint ag údarás deimhniúcháin a úsáidtear chun cainéal cumarsáide leictreonach slán a bhunú idir dhá pháirtí; áirítear leis an eochair slándála poiblí agus an fhaisnéis maidir le hábhar an deimhnithe;

(21) ciallaíonn ‘údarás deimhniúcháin’ eintiteas a bhainistíonn saolré deimhnithe digiteacha, ar a bhféadfaí a áireamh próisis clárúcháin agus próisis chun na deimhnithe slándála a eisiúint, a sheachadadh, a ghníomhachtú, a chur ar fionraí, a aisghairm, a athnuachan nó a athghníomhachtú;

(22) ciallaíonn ‘feidhmchlár úsáideora’ comhpháirt TFC a fheidhmíonn na feidhmiúlachtaí a leagtar amach in Airteagal 7;

(23) ciallaíonn ‘treoirdhoiciméid theicniúla’ tacar doiciméad teicniúil mionsonraithe agus neamhcheangailteach, arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún i gcomhar leis na Ballstáit i gcreat na meithle dá dtagraítear in Airteagal 13.

Airteagal 2

Bearta coiteanna

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag a n-údaráis inniúla ar chórais TFC ar féidir leo na naisc leictreonacha uathúla sainaitheanta (UIL) a chuireann na hoibreoirí eacnamaíocha in iúl de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2020/1056 a phróiseáil, agus a cheadaíonn d’oifigigh a n-údarás inniúil sonraí eFTI a rochtain agus a phróiseáil ag baint úsáid as ceachtar de na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) tríd an UIL a phróiseáil go díreach, i gcás ina gcuireann an t-oibreoir eacnamaíoch in iúl é i bhformáid meaisín-inléite, trína thaispeáint ar scáileán gairis leictreonaigh nó priontáilte ar thacaíocht fhisiceach amhail páipéar nó, i gcás ina roghnaíonn an t-údarás inniúil cumarsáid den sórt sin a cheadú, trína sheoladh trí ríomhphost nó trí fheidhmchlár teachtaireachtaí leictreonach eile freisin;

(b) tríd an UIL a aisghabháil ar dtús, mar a chuir na hoibreoirí eacnamaíocha in iúl é trína fhoilsiú ar chlárlann thiomnaithe, trí bhíthin sainaitheantóir uathúil a bhaineann le hoibríocht iompair.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthraíonn na córais TFC dá dtagraítear i mír 1 na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad:

(a) sainaithint fíordheimhnithe go cuí agus údarú cuí na n-oifigeach údarás inniúil, gach uair a dhéanann oifigeach iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI;

(b) bainistiú ar na hiarrataí ar rochtain ar shonraí eFTI arna ndéanamh ag oifigigh na n-údarás inniúil, lena n-áirítear aisghabháil na faisnéise a iarradh ón ardán iomchuí eFTI nó ó na hardáin iomchuí eFTI, trí bhíthin naisc shlána leis na hardáin sin.

([7]) https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/activities/cef-digital.
([8]) https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/activities/digital-programme.

3. Chun na feidhmiúlachtaí a liostaítear i mír 2 a chur chun feidhme, beidh na córais TFC sin comhdhéanta de na comhpháirteanna seo a leanas ar a laghad:

(a) pointí rochtana údaráis (AAP);

(b) clárlann údarúcháin;

(c) Geataí eFTI;

(d) modh cuardaigh;

(e) feidhmchlár úsáideora.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonann na comhpháirteanna a liostaítear i mír 3 na ceanglais a leagtar síos i gCaibidil II. Beidh na Ballstáit freagrach as bunú, óstáil, forbairt, infhaighteacht, faireachán, tabhairt cothrom le dáta agus cothabháil na gcomhpháirteanna sin agus as slándáil na faisnéise a phróiseáiltear sna comhpháirteanna sin. I gcás ina mbunaíonn nó ina bhforbraíonn dhá Bhallstát nó níos mó ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna sin i gcomhpháirt, beidh siad freagrach go comhpháirteach as a mbunú, a n-óstáil, a bhforbairt, a n-infhaighteacht, a bhfaireachán, a dtabhairt cothrom le dáta, a gcothabháil agus a slándáil.

5. Beidh na Ballstáit freagrach i gcónaí as a áirithiú nach ndéanann údaráis inniúla na sonraí eFTI a rochtain agus a phróiseáil ach amháin chun comhlíontacht leis na forálacha dlí is infheidhme de chuid an Aontais agus leis na forálacha dlí náisiúnta is infheidhme a sheiceáil, agus i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de chuid an Aontais agus leis na forálacha náisiúnta is infheidhme lena leagtar síos na coinníollacha a bhaineann leis na seiceálacha comhlíontachta sin a dhéanamh, agus rialacha maidir le meas ar phríobháideacht sonraí pearsanta agus rúndacht sonraí tráchtála.

Airteagal 3

Iarrataí ar rochtain ar shonraí eFTI, freagraí agus cumarsáid leantach

1. Cuirfidh oifigigh údaráis inniúil na hiarrataí uile ar shonraí eFTI isteach tríd an gcomhpháirt AAP a dtugtar tuairisc uirthi in Airteagal 4, trí bhíthin an fheidhmchláir úsáideora a dtugtar tuairisc uirthi in Airteagal 7.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas in iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI:

(a) UIL na sonraí eFTI a bhfuil rochtain orthu á hiarraidh, nó sainaitheantóir amháin nó níos mó a cheadaíonn aisghabháil an UIL sin ón gclárlann sainaitheantóirí a dtugtar tuairisc uirthi in Airteagal 11. Soláthróidh an t-oifigeach údaráis inniúil atá freagrach as an iarratas an fhaisnéis sin;

(b) na tagairtí do chearta rochtana an oifigigh údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh a chur isteach, mar a taifeadadh sa chlárlann údarúcháin a dtugtar tuairisc uirthi in Airteagal 5. Cuirfidh an feidhmchlár úsáideora an fhaisnéis sin leis go huathoibríoch;

(c) uimhir sainaitheantais uathúil na hiarrata, arna heisiúint ag an AAP. Cuirfidh an feidhmchlár úsáideora an fhaisnéis sin leis go huathoibríoch.

3. Féadfaidh freagraí ar iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI a bheith i gceann de na foirmeacha a leanas:

(a) sonraí eFTI, arna dtarchur ag ardán eFTI bunaithe ar an bhfaisnéis atá in iarraidh, agus meiteashonraí malartaithe teachtaireachta bainteacha nó sainaitheantóirí, a bhfuil gá leo chun gur féidir le Geataí eFTI faighte na hiarrata nó na pointí rochtana údaráis na sonraí eFTI a mhapáil chuig an iarraidh lena mbaineann;

(b) teachtaireachtaí earráide, ina bhfuil sonraíocht chódaithe nó théacsúil ghairid den chineál earráide i gcás nach féidir le Geata eFTI nó ardán eFTI na sonraí eFTI a iarradh a sholáthar ar chúiseanna teicniúla nó próisis gnó;

(c) teachtaireacht a léiríonn nach bhfuil aon sonraí ar fáil, le heisiúint ag Geata eFTI faighte iarrata i gcás ina bpróiseálann sé iarraidh ina bhfuil sainaitheantóirí agus nach mbraitheann modh cuardaigh an Gheata aon UIL gníomhach nasctha leis na sainaitheantóirí sin ina chlárlann sainaitheantóirí;

(d) teachtaireacht 'gan freagra', arna tarchur ag Geata eFTI nó ardán eFTI i gcás inar dheimhnigh an Geata nó ardán eFTI sin go bhfuair sé an iarraidh ach nár sheol sé teachtaireacht ina raibh na sonraí eFTI a iarradh laistigh de 60 soicind ó deimhníodh an fháil.

4. I gcás ina suíonn an t-oifigeach údaráis inniúil go bhfuil an fhaisnéis arna cur ar fáil ag oibreoir eacnamaíoch ar ardán eFTI, agus mar a aisghabhadh sa fhreagra ar iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI, neamhiomlán nó nach gcomhlíonann sí ar bhealaí eile na ceanglais faisnéise rialála ar ar a mbonn a ndearnadh an iarraidh, féadfaidh an t-oifigeach na torthaí sin a chur in iúl don oibreoir eacnamaíoch trí chumarsáid leantach shonrach a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin. Comhlíonfaidh aon chumarsáid leantach den sórt sin na ceanglais dlí náisiúnta is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí leantacha ar sheiceálacha comhlíontachta rialála.

5. I gcás ina ndéantar cumarsáid leantach shonrach dá dtagraítear i mír 4, tarchuirfidh an t-údarás inniúil í freisin tríd an gcomhpháirt AAP, trí bhíthin an fheidhmchláir úsáideora. Beidh na nithe seo a leanas inti:

(a) an fhaisnéis atá le cur in iúl ag an údarás inniúil don oibreoir eacnamaíoch, i bhformáid téacs oscailte, nó mar dhoiciméad i gceangal;

(b) UIL na sonraí eFTI agus uimhir sainaitheantais uathúil na hiarrata ar rochtain ar na sonraí sin a ndéantar an chumarsáid leantach ina leith.

CAIBIDIL II

COMHPHÁIRTEANNA FEIDHMIÚLA

Airteagal 4

Pointí Rochtana Údaráis

1. Cumasóidh na comhpháirteanna AAP rochtain oifigigh na n-údarás inniúil ar an timpeallacht malartaithe eFTI agus pointe rochtana aonair an oifigigh ar an timpeallacht sin a bheidh iontu.

2. Déanfaidh AAP na feidhmiúlachtaí seo a leanas:

(a) sainaitheantas oifigigh na n-údarás inniúil a fhíordheimhniú, nó fíordheimhniú shainaitheantas oifigigh na n-údarás inniúil a áirithiú;

(b) iarraidh oifigigh na n-údarás inniúil ar rochtain ar shonraí eFTI a údarú bunaithe ar a gcearta rochtana faoi seach atá stóráilte sa chlárlann údarúcháin, nó diúltú don iarraidh mura bhfuil aon cheart rochtana gníomhach cláraithe ag oifigeach an údaráis inniúil;

(c) na hiarrataí údaraithe ar rochtain ar shonraí eFTI a chlárú trí uimhir sainaitheantais uathúil a eisiúint le haghaidh gach iarrata den sórt sin, agus an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a thaifeadadh maidir le gach iarraidh:

(i) tagairtí sainaitheantais an oifigigh atá freagrach as an iarraidh a dhéanamh;

(ii) UIL na sonraí eFTI a bhfuil rochtain orthu á hiarraidh, nó sainaitheantóir nó sainaitheantóirí arna sholáthar nó arna soláthar ag an oifigeach agus an iarraidh á déanamh;

(iii) na tagairtí do chearta rochtana oifigeach an údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh a dhéanamh, mar a taifeadadh sa chlárlann údarúcháin;

(iv) an dáta agus an t-am a rinneadh an iarraidh;

(d) na hiarrataí údaraithe ar rochtain ar shonraí eFTI a tharchur chuig an nGeata eFTI lena bpróiseáil, tríd an bhfaisnéis seo a leanas a sholáthar:

(i) uimhir sainaitheantais uathúil na hiarrata;

(ii) UIL na sonraí eFTI a bhfuil rochtain orthu á hiarraidh, nó sainaitheantóir nó sainaitheantóirí arna sholáthar nó arna soláthar ag an oifigeach agus an iarraidh á déanamh;

(iii) na tagairtí do chearta próiseála oifigeach an údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh a dhéanamh, mar a taifeadadh sa chlárlann údarúcháin;

(e) na freagraí ar na hiarrataí arna dtarchur ag an nGeata eFTI a fháil agus na freagraí sin a chur ar fáil d'oifigeach an údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh sin tríd an bhfeidhmchlár úsáideora;

(f) taifead iniúchóireachta a choimeád de na freagraí a fuarthas ar gach iarraidh tríd an bhfaisnéis seo a leanas ar a laghad a logáil:

(i) uimhir sainaitheantais uathúil na hiarrata a bhfuarthas an freagra ina leith;

(ii) an dáta agus an t-am a fuair an AAP an iarraidh;

(iii) an dáta agus an t-am a chuir an AAP an freagra ar aghaidh chuig an oifigeach atá freagrach as an iarraidh lena mbaineann;

(g) cartlann a choimeád de na hiarrataí ar rochtain ar shonraí eFTI agus den loga de na freagraí a fuarthas go ceann tréimhse 2 bhliain nó, i gcás ina ndéantar foráil maidir le tréimhse ama níos faide sna forálacha náisiúnta is infheidhme maidir le hinfhaighteacht fianaise ar fhorfheidhmiú na bhforálacha a dteastaíonn rochtain ar shonraí eFTI ina leith, go ceann na tréimhse ama sin;

(h) i gcás ina ndéantar cumarsáid leantach i gcomhréir le hAirteagal 3(4), an chumarsáid leantach a chlárú trí uimhir sainaitheantais uathúil a eisiúint le haghaidh na cumarsáide leantaí agus an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a thaifeadadh maidir leis an gcumarsáid leantach sin:

(i) tagairtí sainaitheantais an oifigigh atá freagrach as an gcumarsáid leantach a dhéanamh;

(ii) UIL na sonraí eFTI agus uimhir sainaitheantais uathúil na hiarrata ar rochtain ar na sonraí sin a ndearnadh an chumarsáid leantach ina leith;

(iii) an dáta agus an t-am a rinneadh an chumarsáid leantach;

(iv) ábhar na cumarsáide leantaí;

(i) na cumarsáidí leantacha a tharchur chuig an nGeata eFTI lena bpróiseáil, tríd an bhfaisnéis seo a leanas a sholáthar:

(i) UIL na sonraí eFTI agus uimhir sainaitheantais uathúil na hiarrata ar rochtain ar na sonraí sin a ndearnadh an chumarsáid leantach ina leith;

(ii) ábhar na cumarsáide leantaí.

3. Chun na feidhmiúlachtaí a leagtar amach i mír 2 a sholáthar, déanfaidh AAP:

(a) modhanna ríomh-shainaitheantais iomchuí a úsáid a fhágann gur féidir oifigigh na n-údarás inniúil a shainaithint agus a fhíordheimhniú go hiontaofa, nó a fhágann gur féidir a fhíorú go n-áirithíonn comhpháirt TFC iomchuí eile sainaithint agus fíordheimhniú na n-oifigeach sin;

(b) clárlann údarúcháin a úsáid;

(c) nasc slán le Geata eFTI a bhunú agus a chothabháil;

(d) tacú le nasc slán chuig an bhfeidhmchlár úsáideora.

4. Féadfaidh na Ballstáit na AAPanna a bhunú lasmuigh den Gheata eFTI, mar chuid de chórais TFC atá ann cheana ag a n-údaráis inniúla féin, nó féadfaidh siad iad a bhunú comhtháite ina nGeata eFTI féin.

Airteagal 5

Clárlann údarúcháin

Áiritheoidh na Ballstáit go dtaifeadtar cearta oifigigh a n-údarás inniúil chun sonraí eFTI a rochtain agus a phróiseáil agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad i gclárlann údarúcháin. Áireofar sa chlárlann údarúcháin, maidir le gach oifigeach údaráis inniúil, an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) tagairtí sainaitheantais uathúla an oifigigh;

(b) cearta rochtana an oifigigh lena mbaineann, agus iad curtha in iúl i bhfoirm an liosta tagairtí do ghníomhartha dlí an Aontais agus gníomhartha dlí náisiúnta ina gceanglaítear faisnéis rialála a sholáthar, a bhfuil inniúlachtaí ag an oifigeach lena mbaineann ina leith agus, níos sonraí fós, i bhfoirm an liosta de na sainaitheantóirí a bhaineann leis na fothacair sonraí eFTI a chomhfhreagraíonn do na forálacha sin, mar a bhunaítear i Ranna 3 agus 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2024 ón gCoimisiún ([9]);

(c) cearta próiseála an oifigigh lena mbaineann, curtha in iúl i bhfoirm tagairtí códaithe do na hoibríochtaí próiseála a bhfuil sé de cheart ag an oifigeach iad a fheidhmiú ar gach ceann de na fothacair sonraí eFTI, i gcomhréir le reachtaíocht is infheidhme de chuid an Aontais nó leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme ina gcinntear inniúlachtaí an oifigigh sin;

(d) loga de na hathruithe ar chearta rochtana agus próiseála an oifigigh sin.

Airteagal 6

Geataí eFTI

1. Áiritheoidh na Geataí eFTI, go díreach nó trí nasc le Geataí eFTI eile, an méid seo a leanas:

(a) tarchuirtear na hiarrataí údaraithe ar rochtain ar shonraí eFTI chuig an ardán eFTI agus bíonn an fhaisnéis shonrach a iarradh iontu;

(b) maidir le gach iarraidh den sórt sin, tarchuirtear an freagra a fuarthas ón ardán eFTI lena mbaineann chuig feidhmchlár úsáideora an oifigigh údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh sin, go díreach nó trí AAP, de réir mar is infheidhme; agus,

(c) i gcás ina ndéantar cumarsáid leantach leis an iarraidh sin, tarchuirtear an chumarsáid leantach sin chuig an ardán eFTI ina bhfuil na sonraí eFTI a ndearnadh an iarraidh ina leith, agus an freagra a tugadh.

2. Soláthróidh Geata eFTI na feidhmiúlachtaí seo a leanas:

(a) an iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI agus, i gcás inar ndearnadh í, cumarsáid leantach, a bhailíochtú ar cheann de na bealaí seo a leanas:

(i) i gcás ina bhfuiltear ag feidhmiú mar 'Geata déanta na hiarrata', i gcás ina mbunaítear an AAP mar chomhpháirt ar leithligh lasmuigh den Gheata eFTI, trí eochair shlándála an AAP trína ndearnadh an iarraidh nó an chumarsáid leantach a fhíorú;

(ii) i gcás ina bhfuiltear ag feidhmiú mar 'Geata faighte na hiarrata', trí eochair shlándála an Gheata eFTI óna bhfuair sé an iarraidh nó an chumarsáid leantach a fhíorú;

(iii) i gcás ina dteipeann ar bhailíochtú eochair shlándála an Gheata eFTI lena mbaineann, trí theachtaireacht earráide a sheoladh ar ais chuig 'Geata déanta na hiarrata', an AAP nó an t-oifigeach údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh nó an chumarsáid leantach, de réir mar is iomchuí;

(b) an iarraidh ar rochtain ar shonraí eFTI agus, i gcás ina ndearnadh í, cumarsáid leantach, a phróiseáil trí bhíthin an mhodha cuardaigh i gcomhréir le hAirteagal 8 agus, ar an mbonn sin, an iarraidh nó an chumarsáid leantach a chur ar aghaidh, de réir mar is infheidhme:

(i) chuig an ardán eFTI nó an Geata/na Geataí eFTI iomchuí, i gcás ina bhfuiltear ag feidhmiú mar 'Geata déanta na hiarrata';

(ii) chuig an ardán eFTI iomchuí, i gcás ina bhfuiltear ag feidhmiú mar 'Geata faighte na hiarrata';

(c) taifead iniúchóireachta a choimeád de na hiarrataí uile ar rochtain ar shonraí eFTI nó de na cumarsáidí leantacha atá próiseáilte aige, tríd an bhfaisnéis seo a leanas ar a laghad a logáil:

(i) uimhir sainaitheantais uathúil na hiarrata ar rochtain ar shonraí eFTI nó na cumarsáide leantaí;

(ii) sainaitheantóir an AAP nó 'Gheata eFTI déanta na hiarrata' óna bhfuair sé an iarraidh nó an chumarsáid leantach;

(iii) an dáta agus an t-am a fuair sé an iarraidh sin;

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2024 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1056 tríd an tacar comhchoiteann sonraí eFTI agus fothacair sonraí eFTI a bhunú (IO L, 2024/2024, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2024/oj).

(d) an freagra a fuarthas ar iarraidh a phróiseáil sé a bhailíochtú, mar a leanas:

(i) i gcás ina bhfuil an freagra á fháil go díreach ón ardán eFTI, trí eochair shlándála agus stádas deimhniúcháin an ardáin eFTI a sheiceáil, ar bhonn na clárlainne dá dtagraítear i mír 3(e);

(ii) i gcás ina bhfuil an freagra á fháil ó 'Geata eFTI faighte iarrata', trí eochair shlándála an Gheata eFTI sin a sheiceáil ar bhonn na clárlainne dá dtagraítear i mír 3(f);

(iii) i gcás ina dteipeann ar bhailíochtú eochair shlándála an Gheata eFTI nó an ardáin eFTI lena mbaineann, trí theachtaireacht earráide chomhfhreagrach a sheoladh chuig 'Geata déanta na hiarrata', an AAP nó feidhmchlár úsáideora an oifigigh údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh, de réir mar is infheidhme;

(e) an freagra a fuarthas ar iarraidh a phróiseáil sé ar an mbealach céanna a chur ar aghaidh, san ord droim ar ais, ón iarraidh a cuireadh ar aghaidh, de réir mar is infheidhme:

(i) chuig 'Geata eFTI déanta na hiarrata'; nó

(ii) chuig feidhmchlár úsáideora an oifigigh údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh sin, go díreach nó trí AAP;

(f) i gcás ina bhfaightear admháil ar fháil na hiarrata ach nach bhfaightear aon fhreagra eile laistigh de 60 soicind ón admháil sin, teachtaireacht 'gan freagra' a tharchur chuig 'Geata déanta na hiarrata', AAP nó feidhmchlár úsáideora an oifigigh údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh, de réir mar is iomchuí;

(g) taifead iniúchóireachta a choimeád de na freagraí uile ar na hiarrataí ar rochtain atá curtha ar aghaidh aige, tríd an bhfaisnéis seo a leanas ar a laghad a logáil:

(i) UIL an tacair sonraí eFTI a fuair sé mar fhreagra ar an iarraidh sin;

(ii) uimhir sainaitheantais uathúil an ardáin eFTI nó 'Gheata eFTI faighte na hiarrata' óna bhfuair sé an freagra;

(iii) an dáta agus an t-am a fuair sé an freagra sin;

(iv) i gcás nach bhfuarthas freagra, léiriú chuige sin;

(h) na logaí a shonraítear i bpointí (c) agus (g) a chartlannú agus a choimeád ar fáil chun críoch iniúchta, go ceann tréimhse 2 bhliain nó, i gcás ina ndéantar foráil maidir le tréimhse ama níos faide sna forálacha náisiúnta maidir le hinfhaighteacht fianaise ar fhorfheidhmiú na bhforálacha a dteastaíonn rochtain ar shonraí eFTI ina leith, go ceann na tréimhse ama sin.

3. Chun na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear i mír 2 a chumasú, déanfaidh Geata eFTI:

(a) modh cuardaigh a úsáid, i gcomhréir le hAirteagal 8;

(b) nasc slán leis na AAPanna a bhainistíonn an rochtain ar thimpeallacht malartaithe eFTI oifigigh údaráis inniúil an Bhallstáit a bhunaigh an Geata eFTI sin a bhunú agus a chothabháil;

(c) i gcás ina mbunaítear na AAPanna mar chomhpháirteanna comhtháite leis an nGeata eFTI, nasc slán le feidhmchlár nó feidhmchláir úsáideora, de réir mar is infheidhme, oifigigh údaráis inniúil an Bhallstáit a bhunaigh an Geata eFTI sin a bhunú agus a chothabháil;

(d) i gcás ina mbunaítear AAPanna mar chomhpháirteanna ar leithligh leis an nGeata eFTI, clárlann cothrom le dáta a bhunú agus a choinneáil ar bun ina bhfuil uimhreacha sainaitheantais uathúla agus deimhnithe slándála na AAPanna sin;

(e) nasc slán leis na Geataí eFTI uile eile a bhunú agus a chothabháil, chomh maith le clárlann cothrom le dáta ina bhfuil uimhreacha sainaitheantais uathúla agus deimhnithe slándála na nGeataí eFTI sin;

(f) nasc slán leis na hardáin eFTI uile a fuair deimhniúchán sa Bhallstát nó sna Ballstáit a bhunaigh an Geata eFTI lena mbaineann a bhunú agus a chothabháil, chomh maith le clárlann cothrom le dáta ina bhfuil uimhreacha sainaitheantais uathúla, eochracha slándála agus stádas deimhniúcháin na n-ardán eFTI sin;

(g) a bheith in ann seirbhísí nó déantáin a shainítear go coiteann a úsáid, amhail cumraíocht, cóid earráide, tacsanomaíochtaí nó liostaí cóid sa timpeallacht malartaithe eFTI, i gcás ina gcomhaontaítear na seirbhísí nó na déantáin sin i gcreat an líonra tacaíochta oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 13.

4. I gcás nach bhfuil aon chomhlacht um measúnú comhréireachta creidiúnaithe i mBallstát chun ardáin eFTI a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2020/1056, áiritheoidh an Ballstát sin go ndéanfaidh a Gheata eFTI an nasc slán agus clárlann cothrom le dáta a bhunú agus a chothabháil, dá dtagraítear i mír 3(f), le haghaidh ardáin eFTI a fuair deimhniú ó chomhlachtaí um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe i mBallstáit eile. Déanfaidh an Ballstát sin amhlaidh arna iarraidh sin ag an oibreoir eacnamaíoch nó an soláthraí seirbhíse eFTI a oibríonn an t-ardán sin agus tar éis deimhniú a iarraidh agus a fháil ón mBallstát ina bhfuair an t-ardán eFTI an deimhniúchán nach bhfuair sé aon iarraidh deimhniúcháin eile i dtaca leis an ardán eFTI céanna sin ó Bhallstát eile. Bainfidh sé sin de Gheata eFTI an Bhallstáit ina bhfuair an t-ardán eFTI an deimhniúchán an oibleagáid maidir le nasc slán leis an ardán sin a bhunú agus a chothabháil.

Airteagal 7

Feidhmchlár úsáideora

1. Cuirfidh an feidhmchlár úsáideora ar a chumas d'oifigeach údaráis inniúil idirghníomhú leis an AAP.

2. Beidh na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad ag feidhmchlár úsáideora:

(a) na hiarrataí ar rochtain ar shonraí eFTI a ghiniúint, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair oifigeach údaráis inniúil, nuair a shainaithníonn, a fhíordheimhníonn agus a údaraíonn an AAP go cuí an t-oifigeach freagrach;

(b) na sonraí eFTI comhfhreagracha arna gcur ar fáil ag an ardán/na hardáin eFTI lena mbaineann mar fhreagra ar iarraidh nó na teachtaireachtaí 'gan freagra' nó earráide arna dtarchur ag an AAP nó ag 'Geata eFTI faighte na hiarrata' a fháil agus a thaispeáint le feiceáil ag an oifigeach údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh sin;

(c) é a chur ar a chumas don oifigeach údaráis inniúil atá freagrach as an iarraidh ar shonraí eFTI a fuarthas oibríochtaí próiseála eile a dhéanamh, i gcomhréir le cearta próiseála an oifigigh sin;

(d) i gcás ina gceadaítear amhlaidh sna forálacha náisiúnta is infheidhme, cumarsáid leantach a ghiniúint, bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthair oifigeach údaráis inniúil.

3. Chun na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear i mír 2 a chumasú, déanfaidh feidhmchlár úsáideora, ar a laghad:

(a) comhéadan grafach úsáideora a sholáthar do na hoifigigh údaráis inniúil;

(b) nasc slán le AAP nó Geata eFTI a bhunú nó a chothabháil, de réir mar is infheidhme;

(c) i gcomhair próiseáil sonraí, na fothacair sonraí a chomhfhreagraíonn d'fhorálacha ghníomhartha dlí an Aontais agus na ngníomhartha dlí náisiúnta a úsáid mar thagairt, mar a bhunaítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2024 ón gCoimisiún, a bhfuil inniúlachtaí ina leith ag na hoifigigh údaráis inniúil.

Airteagal 8

Modh cuardaigh

1. Beidh an modh cuardaigh mar chomhpháirt chomhtháite i nGeata eFTI a phróiseálfaidh, mar phríomhfheidhmiúlacht, an fhaisnéis a áirítear san iarraidh nó sa chumarsáid leantach, mar a leanas:

(a) ó UIL na sonraí eFTI, aisghabhfaidh sé sainaitheantóir an ardáin eFTI a stórálann na sonraí eFTI a ndearnadh an iarraidh ar rochtain nó an chumarsáid leantach ina leith agus sainaitheantóir an Gheata eFTI lena bhfuil an t-ardán sin nasctha;

(b) i gcás ina n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na sainaitheantóirí a leagtar amach in Airteagal 11(3), cuardóidh sé an chlárlann sainaitheantóirí le haghaidh luach meaitseála agus

(i) má aimsítear meaits, aisghabhfaidh sé an UIL gníomhach nó an tacar UILanna atá nasctha leis na sainaitheantóirí lena mbaineann, ansin próiseálfaidh sé an fhaisnéis sna UILanna lena mbaineann i gcomhréir le pointe (a);

(ii) mura n-aimsítear aon mheaits, cuirfidh sé an Geata eFTI ar an eolas dá réir.

2. Chun an fheidhmiúlacht dá dtagraítear i mír 1 a chumasú, déanfaidh an modh cuardaigh an méid seo a leanas:

(a) clárlanna sainaitheantóirí a oibriú, i gcomhréir le hAirteagal 11;

(b) clárlann foilsitheora meiteashonraí seirbhíse (SMP) agus aimsitheoir meiteashonraí seirbhíse (SML) a úsáid i gcomhréir le sonraíochtaí eDelivery sin nó seirbhís clárlainne ag a bhfuil inniúlachtaí cosúla, chun gur féidir na hardáin eFTI a aimsiú, bunaithe ar an bhfaisnéis atá san iarraidh nó sa chumarsáid leantach.

CAIBIDIL III

SONRAÍOCHTAÍ TEICNIÚLA

Airteagal 9

Malartuithe teachtaireachtaí

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanann na Geataí eFTI a bhunaíonn siad, chomh maith le AAPanna agus feidhmchláir úsáideora a n-údarás inniúil, cumarsáid i bhformáid malartaithe teachtaireachtaí chaighdeánach agus go bhfuil siad in ann cumarsáid a fháil san fhormáid sin. Ba cheart cumarsáid idir Geataí eFTI agus idir Geataí eFTI agus ardáin eFTI a dhéanamh le formáid XML.

2. Déanfar an chumarsáid uile idir na Geataí eFTI mar mhalartuithe teachtaireachtaí trí Phointí Rochtana eDelivery, i gcomhréir le sonraíochtaí malartaithe teachtaireachtaí eDelivery, agus ag úsáid modh aimsithe stataigh eDelivery.

3. Cumasófar freisin malartú teachtaireachtaí trí Phointí Rochtana eDelivery, i gcomhréir le sonraíochtaí malartaithe teachtaireachtaí eDelivery, ag úsáid modh aimsithe dhinimiciúil eDelivery freisin le haghaidh na cumarsáide idir na Geataí eFTI agus na hardáin eFTI.

4. I gcás ina bhfuil sonraíochtaí malartaithe teachtaireachtaí slána coibhéiseacha, arna sainiú go náisiúnta, bunaithe ag Ballstát cheana féin le haghaidh seirbhísí poiblí digiteacha, féadfaidh sé a chinneadh go bhféadfar an chumarsáid sin a dhéanamh idir na hardáin eFTI agus an Geata eFTI a bhunaigh an Ballstát sin freisin bunaithe ar shonraíochtaí malartaithe teachtaireachtaí coibhéiseacha den sórt sin. Sna cásanna sin, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na sonraíochtaí sin, a bheidh mionsonraithe go cuí agus cothrom le dáta, ar fáil go poiblí.

Airteagal 10

Deimhnithe slándála

1. Eiseoidh na Ballstáit deimhnithe slándála, trí údarás deimhniúcháin, chuig na Pointí Rochtana eDelivery a bheidh comhtháite sna Geataí eFTI a bhunaigh siad, agus chuig na Pointí Rochtana eDelivery nó, i gcás inarb infheidhme, chun pointe rochtana coibhéiseach malartaithe teachtaireachtaí gach ardán eFTI a fuair deimhniú ó chomhlacht um measúnú comhréireachta atá creidiúnaithe ina mBallstát féin.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil eochracha slándála príobháideacha an Phointe Rochtana eDelivery a chomhtháthaítear sa Gheata/sna Geataí eFTI stóráilte go slán agus go seachadtar a ndeimhnithe digiteacha comhfhreagracha ar bhealach slán idir na Geataí eFTI agus idir Geata eFTI agus na hardáin eFTI atá nasctha leis an nGeata sin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit modhanna slána chun eochracha poiblí nó deimhnithe slándála na n-ardán eFTI atá nasctha lena nGeata eFTI a fháil, a thaifeadadh, a aisghabháil agus a bhailíochtú. I gcás ina mbunaíonn Ballstát clárlann SMP i gcomhréir le sonraíochtaí SMP eDelivery, agus sásraí slándála leormhaithe ann, féadfar clárlann SMP a úsáid chun na críche sin.

Airteagal 11

Clárlann sainaitheantóirí

1. Ceadóidh an chlárlann sainaitheantóirí dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(a) do na hoibreoirí eacnamaíocha UIL tacar sonraí eFTI a uaslódáil, trí bhíthin ardán eFTI, mar aon leis na sainaitheantóirí a cheadaíonn aisghabháil uathúil an UIL sin, mar a liostaítear i mír 3. Cumasóidh an chlárlann sainaitheantóirí uaslódáil, gníomhachtú, díghníomhachtú, nó scriosadh UIL tacar sonraí eFTI agus na sainaitheantóirí lena mbaineann.

2. Ceadóidh comhdhéanamh an UIL sainaitheantóir an Gheata eFTI, sainaitheantóir an ardáin eFTI agus sainaitheantóir uathúil an tacair sonraí eFTI a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis rialála arna cur ar fáil ag na hoibreoirí eacnamaíocha ar an ardán eFTI faoi seach a aisghabháil, i gcás:

(a) ina mbeidh sainaitheantóir an Gheata eFTI comhdhéanta de shainaitheantóir a fhágann gur féidir é a aimsiú go huathúil sa timpeallacht eFTI;

(b) ina mbeidh sainaitheantóir an ardáin eFTI comhdhéanta de shainaitheantóir a fhágann gur féidir é a aimsiú go huathúil sa timpeallacht eFTI;

(c) ina mbeidh sainaitheantas uathúil an tacair sonraí eFTI comhdhéanta d'uimhir uathúil i bhformáid Aitheantóir Uathúil Domhanda (UUID) arna leithdháileadh go huathoibríoch ag an ardán eFTI.

3. Beidh na sainaitheantóirí a bhfuil an chlárlann le tacú leo comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

(a) eilimintí sonraí an tacair sonraí eFTI a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis rialála arna cur ar fáil ag na hoibreoirí eacnamaíocha, mar a thugtar tuairisc orthu i Roinn 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2024 ón gCoimisiún, leis na huimhreacha sainaitheantais seo a leanas:

(i) eFTI39;

(ii) eFTI188;

(iii) eFTI374;

(iv) eFTI378;

(v) eFTI448;

(vi) eFTI581;

(vii) eFTI578;

(viii) eFTI618;

(ix) eFTI620;

(x) eFTI987;

(xi) eFTI1000:

(b) eilimint sonraí lena dtugtar le fios an bhfuil earraí contúirteacha á n-iompar nó nach bhfuil, le sainaithint leis na saintréithe seo a leanas: sainaitheantas eiliminte sonraí 'eFTI1451'; ainm 'Táscaire um earraí contúirteacha ar bord'; sainmhíniú 'An táscaire an bhfuil earraí contúirteacha á n-iompar de réir ADR/ADN/RID nó nach bhfuil. Ciallaíonn 'Tá' go bhfuil earraí contúirteacha ar bord an aonaid iompair, ciallaíonn 'Níl' nach bhfuil na hearraí atá á n-iompar ar liosta ADR/ADN/RID na n-earraí contúirteacha nó go bhfuil na hearraí contúirteacha díolmhaithe ó na ceanglais faisnéise mar a leagtar amach in ADR/ADN/RID 3.5.6, 5.1.5.4.2, 5.4.1, 5.5.2.4.1 nó 5.5.3.7.'

4. Gníomhachtóidh an chlárlann sainaitheantóirí an UIL, chun é a chur ar fáil do cheisteanna, tráth a uaslódála, agus déanfaidh sí é a dhíghníomhachtú i gcás ina n-uaslódáiltear an sainaitheantóir dá dtagraítear i mír 3(a)(ii) den Airteagal seo. Chun seiceálacha a chumasú i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, i gcás gach UIL dá bhfuil luach '3' ag an sainaitheantóir a thugtar le fios i mír 3(a)(vi) den Airteagal seo, luach a chomhfhreagraíonn do 'iompar de bhóthar', ní dhíghníomhachtóidh an chlárlann sainaitheantóirí na UILanna ach tar éis na tréimhse ama dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009. Tráth an díghníomhachtaithe, scriosfaidh an chlárlann an UIL agus na sainaitheantóirí atá nasctha leis.

CAIBIDIL IV

COTHABHÁIL AGUS RIALACHAS

Airteagal 12

Líonra tacaíochta teicniúil

1. Bunóidh na Ballstáit deasca cabhrach ar dhá leibhéal ar leith:

(a) beidh deasc cabhrach 'leibhéal 1' ar fáil chun tacaíocht theicniúil a sholáthar d'oifigigh na n-údarás inniúil i gcás saincheisteanna oibríochtúla;

(b) beidh deasc cabhrach 'leibhéal 2' ar fáil chun tacú leis an méid seo a leanas:

(i) na deasca cabhrach 'leibhéal 1' a thacaíonn leis na hoifigigh um rialú;

(ii) na deasca cabhrach 'leibhéal 1' a bhunaíonn úinéirí na n-ardán eFTI chun tacaíocht theicniúil a sholáthar do na hoibreoirí eacnamaíocha.

2. Bunóidh an Coimisiún deasc cabhrach 'leibhéal 3' a dhéanfaidh an méid a leanas:

(a) soláthróidh sé tacaíocht theicniúil do dheasca cabhrach 'leibhéal 2' chun saincheisteanna oibríochtúla a réiteach atá nasctha le feidhmiú na timpeallachta malartaithe eFTI foriomláine, lena n-áirítear na rialacha, nósanna imeachta agus sonraíochtaí cur chun feidhme feidhmiúla agus teicniúla chomh maith le tacar comhchoiteann sonraí eFTI agus fothacair a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhm agus tarmligthe arna mbunú de bhun Rialacháin (AE) 2020/1056;

(b) feidhmeoidh sé mar éascaitheoir i gcomhair saincheisteanna oibríochtúla a bhaineann le dhá Bhallstát nó níos mó agus i gcás ina bhfuil gá le comhordú ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear idir-inoibritheacht theicniúil na nGeataí eFTI agus an chumarsáid idir Geataí eFTI;

(c) idirghníomhóidh sé le ranna an Choimisiúin a sholáthraíonn bogearraí tiomnaithe nó sonraíochtaí na dtáirgí a úsáidtear sa timpeallacht malartaithe eFTI, amhail eDelivery.

3. Déanfaidh deasca cabhrach 'leibhéal 1' agus 'leibhéal 2' teagmháil lena chéile freisin chun saincheisteanna leasa choitinn a réiteach ag a leibhéil faoi seach.

4. Beidh infhaighteacht na ndeasc cabhrach sioncronaithe ar fud an Aontais chun íostréimhse infhaighteachta coitinne a áirithiú le linn laethanta oibre idir 10:00 agus 16:00 Am Lár na hEorpa (CET/CEST), seachas ar laethanta saoire poiblí náisiúnta. Le linn deirí seachtaine agus laethanta saoire poiblí náisiúnta beidh seirbhís éigeandála ar fáil faoina mbeidh ar a laghad ball foirne amháin ar dualgas ar fáil le haghaidh saincheisteanna práinneacha a dhéanann difear mór d'fheidhmiú na timpeallachta malartaithe eFTI ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais.

5. Úsáidfidh na deasca cabhrach uile uirlisí cúnaimh tiomnaithe a fhágann gur féidir gach iarraidh ar thacaíocht theicniúil a shainaithint go huathúil agus gur féidir obair leantach a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear i gcás inar gá cumarsáid a dhéanamh idir na deasca cabhrach chun iarraidh a réiteach.

6. Coimeádfaidh deasca cabhrach logaí de na hiarrataí cúnaimh uile agus a stair agus cuirfidh siad tuarascálacha i dtoll a chéile go tráthrialta maidir lena ngníomhaíochtaí.

7. Cuirfidh na Ballstáit sonraí teagmhála a ndeasc cabhrach 'leibhéal 2' féin in iúl dá chéile agus don Choimisiún.

8. Is é an dáta dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2020/1056 dáta tosaigh infhaighteacht na ndeasc cabhrach. Déanfar measúnú ar leordhóthanacht íostréimhse infhaighteacht choiteann na ndeasc cabhrach laistigh de 12 mhí ón dáta sin.

Airteagal 13

Líonra na tacaíochta oibríochtúla

1. Bunófar meitheal thiomnaithe mar fhoghrúpa den ghrúpa saineolaithe arna bhunú de bhun Chinneadh C(2018) 5921, le sainordú lena áirithiú go ndéantar oibríochtaí eFTI ag an leibhéal cáilíochta is gá.

2. Feidhmeoidh comhaltaí na meithle arna gceapadh ag na Ballstáit freisin mar ‘pointí teagmhála náisiúnta eFTI’.

3. Comhoibreoidh comhaltaí na meithle agus tiocfaidh siad le chéile go tráthrialta chun na rudaí seo a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile:

(a) an t-eolas is déanaí a sholáthar maidir le stádas oibríochtúil na timpeallachta malartaithe eFTI;

(b) cúnamh a thabhairt do ranna an Choimisiúin ina n-iarrachtaí réiteach a fháil ar shaincheisteanna teicniúla agus oibríochtaí arna dtuairisciú ag na Ballstáit nó an deasc cabhrach ‘leibhéal 3’ a dteastaíonn comhar agus treoraíocht oibríochtúil ar leibhéal an Aontais ina leith;

(c) cúnamh a thabhairt don Choimisiún chun treoirdhoiciméid teicniúla a dhréachtú chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

CAIBIDIL V

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 14

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN